# Gaeloideachas: An tÉileamh a Shásamh agus a Fhás

**Aighneacht Scríofa Shinn Féin ar an bpróiseas comhairliúcháin chun polasaí a fhorbairt don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht**



Seolta 30 Eanáir 2023

Sinn Féin

# Gaeloideachas: An tÉileamh a Shásamh agus a Fhás

## Clár

**Réamhrá** 4

**Bunchuspóirí Molta don Pholasaí** 7

**PríomhMholtaí don Phróiseas Comhairliúcháin** 8

**Bearnaí sa phróiseas comhairliúcháin agus sa chur chuige** 11

Cur chuige comhtháite idirleibhéil in easnamh 11

Easpa Sainmhínithe 12

Gá le cur chuige trasRialtais don Ghaeilge sa saol 12

Ceistneoir agus Comhairliúcháin róshrianta agus lochtach 13

**Freagraí Shinn Féin ar Cheisteanna Sonracha an Chomhairliúchán** 15

Ceist 2: Deiseanna a mhéadú chun oideachas lán-Ghaeilge a rochtain 15

Ceist 3: Aistriú chuig an meánscoil 18

Ceist 4: Soláthar an oideachais lán-Ghaeilge a threisiú agus a thacú 20

Ceist 5: Riachtanais speisialta oideachais i suíomhanna agus i scoileanna lán-Ghaeilge 23

Ceist 6: Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú san oideachas lán-Ghaeilge 25

Ceist 7: Gaeilge i suíomhanna oideachais agus sa mhórphobal 27

Sinn Féin






# Réamhrá

Is aighneacht í seo a bhaineann leis an bpróiseas comhairliúcháin chun polasaí a fhorbairt don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

Os cionn trí bliain ó shin, d'fhógair an tAire Oideachais reatha Joe McHugh go mbeadh an polasaí seo foilsithe i Samhain na bliana seo caite, agus go mbeadh sé mar aidhm ag an bpolasaí seo an líon daltaí a gcuirtear oideachas orthu i nGaeilge a dhúbailt faoin bhliain 2030.

Drochchomhartha atá ann nach bhfuil ach an próiseas comhairliúcháin curtha ar bhun ag an staid seo, gan tásc ná tuairisc ar dhréachtpholasaí fiú, agus nach bhfuil tiomantas daingean fós á léiriú ag an Roinn i dtreo dúbailt ar an líon daltaí Gaeloideachais faoi 2030.

É sin ráite, fáiltíonn Sinn Féin roimh an deis aighneacht scríofa a chur faoi bhráid na Roinne maidir leis an bpolasaí seo, agus ba mhiste linn an deis sin a thapadh ar mhaitheas leis an bpolasaí a fhoirfiú a' mhéid agus is féidir.

Tá Sinn Féin anois mar an pháirtí polaitiúil is mó in Éirinn – páirtí a dhéanann ionadaíocht don 785,983 toghthóir a chaith vóta dúinn thuaidh agus theas in olltoghcháin 2022 agus toghcháin Tionóla 2022 – agus is thar cheann Sinn Féin atáimid ag scríobh an aighneacht seo.

Ó bunaíodh Sinn Féin sa bhliain 1905 agus dlúthcheangal againn le gluaiseacht na saoirse ó shin, go háirithe ó Éirí Amach 1916 ar aghaidh, tá stair agus idé-eolaíocht an pháirtí fite fuaite le gluaiseacht na hathbheochana teanga, rud atá fós fíor sa lá atá inniu ann.

Tá Sinn Féin i gcónaí tiomanta i dtaobh cur chun cinn na Gaeilge mar theanga labhartha fud fad na tíre athuair, sochaí dhátheangach a chothú ar an oileán seo, agus cosaint a dhéanamh ar ról na Gaeilge mar phríomhtheanga labhartha i measc teaghlaigh agus pobail Gaeltachta ach go háirithe.

Tacaíonn muid le hobair phobal labhartha na Gaeilge agus le heagrais agus eagraíochtaí na Gaeilge chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Sna 6 Contae, ghlac Airí Oideachais de chuid Sinn Féin, ó Martin McGuinness go Caitríona Ruane agus John O'Dowd, ról gníomhach ag tacú leis an nGaeloideachas áit a bhí leithcheal déanta ar an éarnáil agus ar an teanga ó tharla an críochdheighilt ach ina bhfuil an Ghaeloideachas anois mar an éarnáil is mó fás ann.

Aithníonn Sinn Féin áfach go bhfuil a lán oibre fós le déanamh thuaidh agus theas chun deis Gaeloideachais a chinntiú do chách, agus gur gá bunchuspóirí a leagadh síos mar threoir don chur chuige go léir a bhaineann leis an nGaeilge san oideachas. Tá bunchuspóirí molta againn thíos, agus dar linn ba chóir go ndéanfadh gach ghné den pholasaí filleadh orthu.

Sna leathanaigh seo a leanas, feicfidh tú go bhfuil treoir an cheistneora á leanúint againn, agus déanann muid iarracht deileáil le gach ceist a bhí curtha ann, bunaithe ar chearta an pháiste, taighde na saineolaithe, agus cur chuige ár bpolasaithe féin.

Ar dtús báire áfach, ba mhiste linn achoimre a dhéanamh ar na príomhmholtaí atá againn san aighneacht seo don pholasaí agus aird a tharraingt ar bhearnaí suntasacha sa phróiseas agus sa chur chuige seo, bunaithe ar an méid atá feicithe againn go dtí seo, toisc gur gá tabhairt fúthú a líonadh go luath sula ndéanfar dochar don seans atá againn sa pholasaí seo maitheas a dhéanamh d'éarnáil an oideachais lánGhaeilge. Is anseo atá na tosaíochtaí agus tuairimí bhreise atá á lorg ag Ceist a 8 sa cheistneoir leagtha amach.

Níl sa cháipéis seo ach tuairimí le tabhairt san áireamh agus polasaí á cur le chéile ag an rialtas. Tá sé beartaithe ag Sinn Féin, de réir cinneadh glacadh ag Ard Fheis 2021, ár moltaí féin a chur le chéile i bpolasaí cuimsitheach don Ghaeloideachas ag gach leibhéal, ón naíonra go dtí leibhéal an ard- agus an bhreisoideachais.

Léireofar sa pholasaí sin an uailmhian atá ag teastáil, dar linn, chun na spriocanna leagtha amach thíos a bhaint amach tríd an chórais go léir.



**Aengus Ó Snodaigh TD**

(Baile Átha Cliath Lár Theas)

Urlabhraí Gaeilge, Gaeltachta, Ealaíon agus Cultúir Shinn Féin

Cathaoirleach ar Chomhchoiste Oireachtais na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobail Labhartha na Gaeilge



**Donnchadh Ó Laoghaire TD**

(Corcaigh Lár Theas)

Urlabhraí Oideachais Shinn Féin 2019-2023, nuair ar seoladh an aighneacht seo.


Urlabhraí Cosanta Shóisialta Shinn Féin ó Aibreán 2023



**Sorca Clarke TD**

(An Longfort & An Iarmhí)

Urlabhraí Oideachais Shinn Féin ó Aibreán 2023




- **Suíomhanna scoileanna lán-Ghaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht sa bhliain 2020, ón Léargas ar Sholáthar don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht foilsithe ag an Roinn Oideachais**

# Bunchuspóirí molta don pholasaí

Ba chóir go mbeadh sé mar sprioc ag an gcóras oideachais in Éirinn i leith na Gaeilge:

1. Rochtain a chinntiú do chách ar ár dteanga náisiúnta, agus don saibhreas litríochta, cultúir agus staire a bhaineann léi a fhoghlaim;

2. An téileamh ar an oideachas trí mheán na Gaeilge ó thuismitheoirí agus ó pháistí a shásamh agus a fhás;

3. Úsáid na Gaeilge a mhéadú fud fad na tíre, agus mar theanga phobail sa Ghaeltacht; agus

4. Líon agus caighdeán sásúil cainteora Gaeilge a oiliúint chun tabhairt faoi spriocanna agus dualgais reachtúla eile a chomhlíonadh, lena n-áirítear an dualgais seirbhís trí Ghaeilge a sholáthar sa Ghaeltacht agus ó eagrais poiblí anois de réir Acht na Gaeilge atá i bhfeidhm ó thuaidh, Acht na dTeangacha Oifigiúla agus an sprioc earcaíochta 20% faoi 2030 ó dheas, agus an lánstadas atá bainte amach ag an nGaeilge mar theanga oifigiúil ag leibhéal an Aontais Eorpaigh, ach freisin chun múinteoirí ardchaighdeán a sholáthar do scoileanna lánGhaeilge agus chun an Ghaeilge a mhúineadh i scoileanna lánBhéarla.

Tá ról tábhachtach le chomhlíonadh ag múineadh na Gaeilge sna scoileanna lánBhéarla chomh maith ar ndóigh chun na spriocanna seo a bhaint amach, ach díreoidh muid ar chás an Ghaeloideachais sa cháipéis seo toisc cuspóirí an phróisis comhairliúchán.

Ar mhaitheas leis na spriocanna seo a bhaint amach, tacaíonn Sinn Féin go hiomlán le moltaí an eagrais Gaeloideachas, go bhfuil gá againn:

- Naíonra, bunscoil agus iar-bhunscoil mar rogha áitiúil do gach éinne;

- Eolas maith do thuismitheoirí maidir le buntáistí, fiúntas agus cumas an chórais freastal ar pháistí agus daoine óga ó gach cineál cúlra;

- Tacaíocht, maoiniú agus aitheantas cuí ón Stát le naíonraí agus scoileanna a bhuanú agus a fhorbairt; agus

- Naíonraí agus scoileanna a chumasú trí fhorbairt ghairmiúil, soláthar foirne agus acmhainní.

Straitéis fhadtréimhseach chéimniúil agus uailmhianach atá ag teastáil chun freagairt do na bearnaí reatha sa soláthar lánGhaeilge, agus déanfaidh muid filleadh ar na bunchuspóirí thuasluaite agus muid ag tabhairt freagraí ar na ceisteanna éagsúla.

# PríomhMholtaí don Phróiseas Comhairliúcháin

Molann Sinn Féin go ndéanfaidh an rialtas macnamh ar na smaointe seo a leanas:

- Gach bliain ina bhfuil ganntanas soláthar ag cur bac roimh páiste oideachas lánGhaeilge a fháil, tá sárú á dhéanamh ar a gcearta. Caithfear an ceart a aithint freastal ar oideachas trí Ghaeilge, agus leanúint san oideachas lánGhaeilge ón naíonra go dtí an tríú leibhéal agus i ndeiseanna don oideachas do dhaoine fásta.

- Spriocanna céimneacha a leagadh síos do líon na ndaltaí ar mhiste linn a fheiceáil ag freastal ar scoileanna lánGhaeilge, agus an soláthar a chur ar fáil chun iad sin a bhaint amach ar mhaitheas leis an éileamh a shásamh agus a fhás, ag tosú leis an dúbailt beartaithe ag an iarAire Joe McHugh.

- Go sonrach, tabhairt faoi spriocanna ar nós:
  - Ardú ó 7% go 14% faoi 2030, agus arís go 25% faoi 2040, agus go 50% faoi 2050 ag leibhéal na bunscoile lánGhaeilge;
  - Ardú ó 3% go 7% ar a laghad faoi 2030 chun an bearna a líonadh, agus arduithe céimithe ina dhiadh ag déanamh cinnte de go bhfuil an t-éileamh nádúrtha cruthaithe ón fás ag leibhéal na bunscoile san áireamh.

- Go dtí go bhfuil soláthar ann don éileamh, iompar scoile oiriúnach a sholáthar chun rochtain a chinntiú do chách ar an oideachas lánGhaeilge atá ann.

- Córas nua roghnúcháin do phatrúin scoile chun tús áite a thabhairt don oideachas lánGhaeilge ag leibhéal na hiarbhunscoile.

- Go háirithe, áit a bhfuil Gaelscoileanna i gceantar gan Gaelcholáiste, ba chóir tús áite a thabhairt do bhunú Gaelcholáiste, agus Gaelcholáiste a sholáthar i ngach contae faoi 2040.

- Go rachaidh an Roinn i mbun plé le patrúin ilchreidmheach agus le patrúin ar nos Gaelscoileanna agus an Fóras Patrúnachta chun aidhmeanna faoi leith a shocrú chun Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí ilchreidmheach a chur ar bhun, agus go bhfeadfaí soláthar ar an gceart atá ag leanaí don oideachas le héiteas faoi leith rogha a bheith acu ag an am céanna ó thaobh teanga de.

- Leasú ar an reachtaíocht rollacháin bunscoile chun a chinntiú go mbeidh an deis ag páistí ó naíonraí lánGhaeilge freastal ar bhunscoil lánGhaeilge, agus obair i dtreo leanúnachas a chinntiú ó leibhéal go leibhéal sa chóras oideachais lánGhaeilge ina iomlán.

- Feachtas bolscaireachta ar bhuntáistí an Ghaeloideachais agus an naíonra don pháiste dírithe ar thuismitheoirí, agus feachtais ar leith dírithe ar thuismitheoirí le páistí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachasúla (RSO) acu nó ó chúlraí éagsúla gan mórán Gaeilge acu.

- Feachtas ar leith a chur ar bhun dírithe ar phobail Éireannaigh nua, agus imircigh chun a léiriú dóibh go bhfuil an Gaeloideachas ann dóibh freisin, nách gá go mbeadh Gaeilge ag tuismitheoirí agus go bhfuil sé do chumas ag aon duine, ó aon chúlra an Ghaeilge a fhoghlaim le módh an tumoideachais.




- Sainiú foirmeálta a dhéanamh ar na téarmaí seo a leanas: tumoideachas, naíonra, naíscoil, aonad, sruth.
- Go dtabharfaidh an polasaí seo aird ar na spriocanna 20% don státsheirbhís agus soláthar seirbhísí sa Ghaeltacht agus ról an oideachais lánGhaeilge chun na spriocanna sin a bhaint amach.
- Go dtabharfaidh an polasaí seo aird ar an tionchar a bhíonn ag rogha agus deiseanna ag an tríú leibhéal ar roghanna iarbhunscolaíochta, agus go gcinnteofar nach dtiocfadh dalta Gaelcholáiste faoi míbhuntaiste toisc oideachas lánGhaeilge a bheith ar bhonn acu, go háirithe sa phlé maidir le cúrsa T1/T2 don Ardteist.
- Bonnleibhéal a choimeád ag an Ardteist, chun a chinntiú go mbeidh an deis ag gach duine an Ghaeilge a staideár, is cuma cén caighdeáin atá acu fiú má fhreastlaíonn siad ar scoil lánGhaeilge.
- Go mbeadh an tríú leibhéal san áireamh sa pholasaí don oideachas lánGhaeilge, agus go ndéanfar comhoibriú leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Eolaíochta, Taighde agus Nuálaíochta a bhuanú ina leith.
- Rannóg ar leith sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun tabhairt faoi ceisteanna trí Ghaeilge agus éarnáil an luathoideachais Gaeilge, agus an Ghaeilge a lárnú in aon pholasaí maidir le cúram leanaí.
- Scéim aitheantais a chur ar bhun do naíonraí lánGhaeilge, le treoirlínte cuimsitheach ar luaththumoideachas lánGhaeilge, agus soláthraí luathbhlianta Béarla a spreagadh iompú ar an nGaeilge.
- Tabhairt faoin ngéarchéim costas maireachtála agus tithíochta chun faoiseamh a thabhairt do mhúinteoirí.
- Pá agus coinníollacha cóir do mhúinteoirí a chinntiú.
- Painéil ar leith a bhunú do mhúinteoirí agus do mhúinteoirí ionaid don chóras lánGhaeilge.
- Uaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge de réir na leibhéal cumais éagsúla dóibh siúd a theastaíonn siad leo.
- Múinteoirí Gaeilge mar Theanga Bhreise a chur ar fáil sa chaoi ina bhfuil a mhacasamhail ann don Bhéarla.

- Méadú ar dheiseanna Forbartha Ghairmiúla Leanúnach (FGL) trí Ghaeilge atá ar chomhchaighdeán agus chomh oiriúnach don chómhthéacs leis an FGL do sholáthraí Béarla ag gach leibhéal.
- Cur chuige uile-Éireann a chur i bhfeidhm, agus dóthan maoiniú a chur ar fáil do choláistí oiliúna thuaidh agus theas, chun tabhairt faoin nganntanas múinteora cáilithe don éarnáil a líonadh, agus caighdeánú a dhéanamh ar scrúduithe Gaeilge iontu freisin chun ardchaighdeán torthaí a chinntiú.
- Deiseanna oiliúna d'ábhair múinteora a fhorbairt sa Ghaeltacht.
- Tumoideachas i scoil Gaeilge, lasmuigh de thimpeallacht Béarla, a aithint mar bhuncheart agus tacú leis na scoileanna sin an Ghaeilge a bhuanú mar theanga na cumarsáide agus an tsóisialaithe.
- Ba chóir obair sa treo amach anseo ina mbeidh aon áis foilsithe ag eagras stáit a bhaineann leis an oideachas nó cúram leanaí, nó aon traenáil éigeantach ar chosaint leanaí, garchabhar, agus cigireacht, curtha ar fáil go comhuaineach sa dá teanga oifigiúla, gagus nach ndéanfadh siad teagmháil le scoileanna lánGhaeilge seachas trí Ghaeilge.
- COGG (An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta) a chur ar bhonn buan.
- Teastaíonn síceolaithe oideachasúil, teiripeoirí urlabhra, agus oifigigh forbartha ó éarnáil an Ghaeloideachais, agus uirlisí measúnaithe agus diagnóiseacha agus áiseanna digiteacha mealltacha dírithe ar an éarnáil.
- Teastaíonn breis acmhainní don Scéim AIM (An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú) chun tacú leis an luathoideachas ina iomlán, agus mar chuid den obair sin foireann le cáilíochtaí cuí a earcú agus cumas sa Ghaeilge a bheith san áireamh acu, agus soláthar agus oiliúint don tacaíocht foghlama luathbhliana trí Ghaeilge.
- Cúrsa oiliúna i nGaeilge a fhorbairt chun múinteoirí agus cúntóirí i naíonraí agus scoileanna a ullmhú le bheith ina speisialtóirí RSO sa chóras tumoideachais.
- Treoirlínte ar an oideachas riachtanais speisialta i gcomhthéacs an Ghaeloideachais a chur le chéile bunaithe ar chomhairle ón gCigireacht, ó eagraíochtaí san éarnáil, agus ó seirbhísí leighis.
- Ranganna saor in aisce a chur ar fáil do dhaoine fásta, go háirithe tuismitheoirí ar mian leo oideachas lánGhaeilge a chur ar a gcuid páistí.
- Coinníollacha teanga na scoile agus leibhéal míbhuntáiste an cheantair a bheith san áireamh agus na tacaíochtaí cuí á n-ullmhú do scoileanna DEIS.
- Daoine ó chúlraí éagsúla a spreagadh bheith ina múinteoirí san éarnáíl lánGhaeilge.
- Polasaithe a ullmhú i leith cur chun cinn na Gaeilge sa phobal agus don óige.
- Sprioc go mbeidh deis ag gach dalta amach anseo, go háirithe san oideachas lánGhaeilge, seal a chaitheamh sa Ghaeltacht.

# Bearnaí sa phróiseas comhairliúcháin agus sa chur chuige

## Cur chuige comhtháite idirleibhéil in easnamh

Tá iarracht déanta an cúram leanaí trí Ghaeilge a chomhnascú leis an nGaeloideachas bunscoile agus iarbhunscoile sa pholasaí seo, agus fáiltíonn Sinn Féin roimhe sin.

Is léiriú é ar an leanúnachas idirleibhéil agus an chomhoibriú idirRanna atá ag teastáil chun polasaí cuimsitheach agus rathúil a chur le chéile don teanga.

B'ait dúinn áfach nach bhfuil aon cheist sonrach ar leith maidir le naíonraí agus nach bhfuil tagairt ar bith sa phróiseas seo go léir don oideachas tríú-leibhéal nó do dhaoine fásta trí mheán na Gaeilge.

Ní hamháin go bhfuil tábhacht ag baint leis an tríú-leibhéal ó thaobh oiliúint na n-ábhair múinteora, agus gá ann go mbeidh múinteoirí ullmhaithe chun réimse leathan ábhar éagsúla a mhúineadh ar ardchaighdeán trí Ghaeilge, ach toisc go bhfuil iarbhunscolaíocht sa stát seo dírithe go mór ar chóras na pointí chun cúrsa tríú-leibhéil a bhaint amach, ní mór a léiriú go mbeidh an Ghaeilge úsáideach agus mar bhuntáiste ag an tríu-leibhéal agus go mbeidh deiseanna tarraingteacha leanúint leis an nGaeloideachas ansin.

Má tá an meon ann go mbeidh gá iompú ar an mBéarla ag deireadh an dara leibhéal, agus nach mbeidh fiúntas ag baint leis an nGaeilge ina dhiaidh sin, cuirfidh sé seo brú ar thuismitheoiri agus ar pháistí gan bacadh le hiarbhunscolaíocht lánGhaeilge.

Léiríodh an dainséar a bhaineann le heaspa cur chuige comhtháite le linn an phlé ar an gcóras nua T1/T2 molta don Ardteist. Bhí sé molta go mbeadh curaclam agus scrúduithe níos deacra i nGaelcholáistí ná i scoileanna eile, ach diúltaíodh go hiomlán pointí bónais a chur leis na scrúduithe níos deacra sin. Dúradh go mbaineann córas na bpointí leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Eolaíochta, Taighde agus Núálaíochta seachas an Roinn Oideachais. Dá nglacfá leis an gcur chuige easnamhach seo, seans go mbeadh píonós á ghearradh ar dhaltaí Gaelcholáiste gan buntáiste ar bith a fháil ag roghnú cúrsaí tríú leibhéal de thairbhe scrúdú níos deacra a dhéanamh, agus chinnteodh sé sin go mbeadh brú mór ar thuismitheoirí gan a gcuid páistí a chur chuig Gaelcholáiste.

Gan ardoideachas agus breisoideachas san áireamh mar sin, níl sa pholasaí seo ach leath-iarracht.

Caithfear tionchar an tríú-leibhéal a aithint mar chuid den pholasaí seo, agus ba chóir go mbeadh na Rannaí éagsúla rialtais agus na hinstitiúidí agus eagrais ag gach leibhéal ag obair as lámha a chéile chun cur chuige cuimsitheach a chruthú ina mbeidh leanúnachas agus spreagadh ann ón naíonra go dtí an ollscoil.

Ba chóir a aithint freisin nach n-éireoidh leis na spriocanna uailmhianacha maidir le 20% d'earcaithe nua na státsheirbhíse a bheith inniúil ar an nGaeilge faoi 2030 agus seirbhísí stáit a sholáthar trí Ghaeilge sa Ghaeltacht gan plean oideachais a chuirfidh iarrthóirí oiriúnacha ar fáil atá cáilithe an obair a dhéanamh agus cumasach sa Ghaeilge. Níl aon aitheantas tugtha go fóill ar róil an chóras oideachais agus ar thábhacht an leanúnachais ó leibhéal go leibhéal chun na dualgais reachtúla sin a bhaint amach. Beidh siad ag brath ar an bpolasaí seo.

## Easpa Sainmhínithe

Rud eile atá in easnamh sa cháipéisíocht go léir agus sa cheistneoir atá bainteach leis an bpolasaí seo ná sainmhíniú ar rudaí bunúsacha atá á phlé.

Seans gur léiriú é seo ar an easpa polasaí go dtí seo, agus fáiltíonn Sinn Féin roimhe go bhfuil an rialtas faoi dheireadh ag tabhairt faoi na ceisteanna seo a fhreagairt, ach sula lorgaítear tuairimí an phobail agus na héarnála, ba chóir go mbeadh soiléiriu ar cad a chiallaíonn roinnt de na téarmaí ríthábhachtacha.

Sula ndéanfar moltaí a chur chun cinn maidir leis an tumoideachas, cad is 'tumoideachas' ann dar leis an Roinn?

Dar leis na saineolaí atá ag obair san éarnáil, ní chóir aitheantas a thabhairt do mhúnla an Aonaid Gaeilge mar sampla den dea-chleachtas tumoideachais lánGhaeilge, agus nach ionann Sruth agus oideachas lánGhaeilge ar chor ar bith, ach tá sé luaite i measc príomhaidhmeanna an chomhairliúcháin go mbeidh sé i gceist ag an bpolasaí seo tacú le bunú agus buanú Aonaid agus Sruthanna i scoileanna Béarla chun tacú leis an oideachas lánGhaeilge. Seo in aineoinn nach bhfuil sainmhíniú ar cad is 'Aonad' nó 'Sruth' ann anois fiú. An nglacfaidh an Roinn le comhairle na saineolaithe gur chóir don pholasaí díriú ar fíorthumoideachas lánGhaeilge a sholáthar seachas na múnlaí seo?

Cad is 'naíonra' nó 'naíscoil' ann, céard é an difear eatarthu, agus an nglactar leis gurb ionann 'naíonra' agus suíomh luaththumoideachais lánGhaeilge amháin? Faoi láthair tá éagsúlacht mór brí ag baint le 'naíonra' mar atá in úsáid ar fud na tíre, agus is gá le sainiú ar cad go díreach atá i gceist sa pholasaí seo.

Beidh fiúntas sa pholasaí seo má dhéanann sé caolú ciallmhar ar bhrí na focla seo bunaithe ar thaighde, saineolas agus deá-chleachtais.

## Gá le cur chuige trasRialtais don Ghaeilge sa saol

Bíonn tionchar ag gnéithe eile den saol ar chur chuige tuismitheoirí agus páistí i leith na Gaeilge. Ar mhaitheas le daoine a mhealladh chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a labhairt, agus oideachas trí Ghaeilge a roghnú, caithfear a léiriú gur chuid lárnach, mealltach, fiúntach í den saol in Éirinn sa lá atá inniu ann.

Ní mór don rialtas deiseanna fostaíochta tarraingteacha le Gaeilge a chothú, agus páistí agus tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi na deiseanna atá ann dóibh, ag léiriú go bhfuil luach féiniúlachta, oideachasúil, agus eacnamaíoch ag baint le foghlaim na teanga agus leis an nGaeloideachas.

Is samplaí den chineál fiúntas a bhaineann leis an nGaeilge mar scil don saol oibre agus cruthaitheacha iad an sprioc earcaíochta 20% agus na dualgais nua reachtúla do soláthar seirbhísí sa Ghaeltacht, sna 6 Contae, don státchóras anseo, agus ag leibhéal an Aontais Eorpaigh, ach freisin sna héachtanna bainte amach ag Gaeil sa scannánaíocht, sa cheol agus sna meáin.

Mar atá ráite againn cheana féin, níl aon seans ann go mbainfear amach na spriocanna don státchóras agus do seirbhísí poiblí gan cur chuige dáiríre agus cuimsitheach sa chóras oideachais ó bhun go barr.





Teastaíonn athruithe sa saol mórthimpeall chun an teanga náisiúnta a normálú agus a dhéanamh níos feiceálaí. Más i gcomharthaí ar bhóithrí nó i bpacáistiú ar tháirgí sna siopaí, d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith ag dul chun cinn i stádas agus ról na Gaeilge ar úsáid na Gaeilge. Bheadh sé mar chúnamh freisin dóibh siúd atá ag déanamh iarracht tabhairt faoin dtumoideachas lánGhaeilge, agus ar theaghlaigh atá ag triáil an Ghaeilge a úsáid mar theanga labhartha, deis a thabhairt dóibh tabhairt faoin ngnáthshaol gan iachall orthu iompú ar an mBéarla i gcónaí.

Ní réiteofar fadhbanna uile an pholasaí teanga sa phróiseas comhairliúcháin seo, agus is dócha go dtiteann a lán de na ceisteanna ardaithe anseo againn lasmuigh den scóip atá leagtha amach, ach i gcás ceisteanna faoi conas ar féidir leis an phobal áitiúil tacú leis an nGaeloideachas mar atá curtha i gCeist a 7 sa cheistneoir, ba chóir a aithint go bhfuil ról ag an rialtas cur chuige níos uailmhianaí a léiriú sa reachtaíocht agus ina gcuid polasaithe chun timpeallacht dátheangach a chothú ag leibhéal an phobail, rud a chabhródh go mór.

Ní fheidhmíonn córas an Ghaeloideachais i bhfolús, agus caithfear aird a thabhairt ar na nithe sin go léir a mbíonn tionchar acu ar éifeachtacht an oideachais lánGhaeilge má tá an rialtas dáiríre faoin bpolasaí seo.

## Ceistneoir agus Comhairliúcháin róshrianta agus lochtach

Baineann gach rud atá ráite go dtí seo leis na mórcheisteanna curtha sa phróiseas comhairliúcháin seo, ach ní raibh mórán deis ag an bpobal freagraí cuimsitheacha a thabhairt ar na ceisteanna sin faraor.

Ní hamháin go raibh an tríú-leibhéal agus na nithe eile thuasluaite in easnamh go hiomlán, agus nach raibh aon cheist dírithe i gceart ar chás na naíonraí, ach bhí na ceisteanna féin róshrianta. Ní raibh cead ach 500 carachtar a úsáid chun freagraí a thabhairt ar an chuid is mó de na ceisteanna, rud a d'fhág go raibh níos mó carachtar sa chomhthéacs agus sa cheist curtha ná mar a bhí ceadaithe don freagróir.

I gcás na ceisteanna “Cé chomh mór agus a aontaíonn tú leis an ráiteas/na ráitis seo a leanas?” le rogha freagra ar nós Aontaím/Ní aontaím”, ní mór dúinn an ceist a chur: cad is fiú iad? “Ba cheart go gcuirfeadh an polasaí nua atá á fhorbairt go suntasach leis na deiseanna atá ag leanaí agus ag daoine óga a gcuid oideachais a fháil trí mheán na Gaeilge.” “Tá ról ag an gcóras oideachais maidir le húsáid na Gaeilge a mhéadú sa phobal.” “Is féidir leis an oideachas lán-Ghaeilge freastal go héifeachtach ar leanaí agus ar dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.”

Shílfeá go mbeadh sé intuigthe gur chóir don pholasaí deiseanna Gaeloideachais a fhorbairt go suntasach, mar a bhí aontaithe sa chlár rialtais, agus go bhfuil ról ag an gcóras oideachais maidir le húsáid na Gaeilge a mhéadú. Nochtann an sampla deireanach meon maslach i leith na Gaeilge sa Roinn Oideachais, a ghlacann leis go bhfuil seans ann nach féidir le hoideachas lánGhaeilge freastal ar dhaoine le riachtanais speisialta bunaithe ar an teanga seachadta amháin, nach féidir ach oideachas den dara ghrád a sholáthar trí Ghaeilge nach bhfuil chomh cuimsitheach le hoideachas Béarla.

An bhfuil an rialtas ag rá go bhfuil seans fós ann go dtiocfadh polasaí amach ag rá nár chóir deiseanna a fhorbairt go suntasach, nach bhfuil ról ag an gcóras oideachais, nó nach féidir le Gaeloideachas freastal ar dhaoine le riachtanais speisialta, bunaithe ní ar thaighde nó saineolas, ach ar thuairimí roinnt freagróirí amháin?

Má tá aidhmeanna socraithe ag an Roinn cheana féin don pholasaí, an é gur bunús a bheidh sna freagraí chun cur leis na haidhmeanna sin nó chun iad a athrú ag an staid seo?

Eascraíonn ceist uaidh sin freisin – cén staid ag a bhfuil muid anois? An bhfuil réamhobair déanta ag an Roinn ar na fadhbanna seo a réiteach, nó an raibh siad ag fanacht ar thuairimí an phobail chun tús a chur leis an obair sin? An raibh an sprioc go mbeadh an polasaí seo críochnaithe anuraidh riamh réalaíoch, agus cén obair a bhí déanta ina dtreo?

Agus cad a tharla don uailmhian a bhí léirithe ag an Aire McHugh maidir le soláthar a dhúbailt faoi 2030? Tá súil ag Sinn Féin nach bhfuil moill curtha ar obair i dtreo an sprioc sin chun fanacht go dtí go ndearbhóidh comhairliúcháin poiblí gur chóir obair ina treo.

Teastaíonn soiléiriú agus trédhearcacht ón rialtas maidir le conas ar cuireadh an cheistneoir seo le chéile. Ní hamháin nach léir fiúntas an leagan amach, nó go bhfuil fadhbanna againn leis an gcur chuige féin, go háirithe i gcás ceisteanna a ghlacann leo gur easpa spreagadh seachas easpa soláthar ba chúis le leibhéal íseal daltaí sna scoileanna, ach is cosúil go bhfuil drochaistriúchán déanta ar an gceistneoir féin – ní bheifear ag súil le “rochtain” a bheith in úsáid mar bhriathar nó ceist a thosú le “Conas mar a cheapann tú…” i gcáipéis de chuid na Roinne Oideachais.

Is feidir a thuiscint ón gcur chuige seo agus ón chaoi gur iompaigh an suíomh go huathoibreach ar phríomhleathanach Béarla sa chás go ndearna duine iarracht dul isteach sa cheistneoir ar líne, gurb é an Béarla príomhtheanga pholasaí na Roinne fiú i gcás an oideachais trí mheán na Gaeilge. Seans nach bhfuil léiriú níos fearr ann ar theipeadh pholasaí teanga an stáit go dtí seo agus ar an méid oibre atá fós ag teastáil.

É sin ráite áfach, guíonn Sinn Féin gach rath ar an bpróiseas seo agus tá súil againn go dtabharfar éisteacht don méid atá le rá againn anseo chomh maith leis an méid atá ráite acu siúd go léir a thugann freagraí ina leith, go háirithe na saineolaithe, na tuismitheoirí agus na múinteoirí a dhéanann obair na gcapall chuile lá chun Gaeloideachas a chur ar na glúnta amach romhainn.

Is orthu siúd atá athbheochan an todhchaí ag braith.

# Freagraí Shinn Féin ar Cheisteanna an Chomhairliúchán

## Deiseanna a mhéadú chun oideachas lán-Ghaeilge a rochtain (Ceist 2)

> *"Ba cheart go gcuirfeadh an polasaí nua atá á fhorbairt go suntasach leis na deiseanna atá ag leanaí agus ag daoine óga a gcuid oideachais a fháil trí mheán na Gaeilge."*

Aontaíonn Sinn Féin go láidir leis an ráiteas.

> ***Conas a d'fhéadfaí daoine a spreagadh chun oideachas lán-Ghaeilge a roghnú?***

Freastal ar an éileamh atá ag teastáil trí níos mó naíonraí, Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí a sholáthar.

Caithfear a aithint go bhfuil éileamh ann nach bhfuil á shásamh seachas caitheamh leis an éarnáil ar nós gurb í an fhadhb nach bhfuil dóthain suime ann cheana féin.

Léirigh staidéar de chuid an Institiúd Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta sa bhliain 2015 go roghnódh 23% de dhaoine Gaelscoil áitiúil dá mbeadh ceann ar fáil.

Dar leis an léargas ar sholáthar don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, níl ach 7% de rollacháin na scoláirí cláirithe i nGaelscoileanna, figiúir a thiteann go 2.8% ag leibhéal an Ghaelcholáiste.

Tá an easpa soláthar le feiceáil sna liostaí feithimh atá curtha in iúl ag na scoileanna lánGhaeilge sin atá ann faoi láthair – 41% dóibh atá i mBaile Átha Cliath agus 15% dóibh atá i gCorcaigh sa bhliain 2019 dar le Gaeloideachas. I gcodanna móra den tír, mar a nochtaíodh sa léargas, níl aon rogha lánGhaeilge ann, agus níos lú roghanna ag leibhéal an naíonra nó na hiarbhunscoile.

Dá mbeadh soláthar ann, roghnódh daoine oideachas lán-Ghaeilge. Tá daoine ann atá á roghnú cheana féin ach nach bhfuil fáil acu air. Níl ag teastáil mar 'spreagadh' ach soláthar sna cásanna seo.

Ba chóir go mbeadh sé mar thosaíocht ag an bpolasaí seo an soláthar a chur ar fáil dóibh siúd atá ag fanacht air cheana féin, agus an t-éileamh a shásamh.

Tacaíonn Sinn Féin le bheart an tiarAire Joe McHugh soláthar a dhúbailt faoi 2030, ach molaimid cur leis an sprioc sin ar bhonn chéimneach chun an téileamh reatha go léir a shásamh faoi 2040 mar shampla, agus obair i dtreo an téileamh sin a mhéadú agus soláthar a bheith ar fáil thar tréimhse réasúnta agus praiticiúil ionas go mbeidh rogha lánGhaeilge ar fáil do gach rogha Béarla faoi 2050, gnáthrud seachas eisceacht.

In áit polasaí cúig bliana a fhorbairt, molaimid don rialtas gníomhú de réir straitéis fhadtréimhseach chéimniúil a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun freagairt do na bearnaí reatha sa chóras.

Mar shampla, ag an mbunleibhéal, d'fhéadfadh an rialtas tabhairt faoin scála am seo a leanas a leanúint:

Faoi 2030, rollacháin na scoláirí cláirithe i nGaelscoileanna a dhúbailt ó 7% go 14%.

Faoi 2040, rollacháin na scoláirí cláirithe i nGaelscoileanna a ardú ó 14% go 25%.

Faoi 2050, rollacháin na scoláirí cláirithe i nGaelscoileanna a ardú ó 25% go 50%.

Ag an dara leibhéal tá dúshlán níos mó ann toisc cé chomh híseal is atá na figiúirí ag an staid seo. Is gá díriú ar deis dara leibhéal a chinntiú do na daltaí sin atá ag aistriú ón bhunscoil faoi láthair, gan trácht ar an éileamh iomlán a shásamh fiú.

Mar sin, tá Sinn Féin ag moladh tabhairt faoin sprioc go mbeidh 7% de na scoláirí cláirithe ag freastal ar Ghaelcholáiste faoi 2030 chun an bearna sin a líonadh, agus arduithe céimithe ina dhiadh ag déanamh cinnte de go bhfuil an t-éileamh nádúrtha cruthaithe ón fás ag leibhéal na bunscoile san áireamh.

Ar nós an sprioc 20% earcaíochta don státsheirbhís, teastaíonn pleanáil taighdebhunaithe chun tabhairt faoin gcóras oilúna múinteoir a athrú agus scoileanna nua a oscailt, aonaid nó sruthanna a iompú ina scoileanna lánGhaeilge, nó scoileanna Béarla a iompú go Gaeilge, ar mhaitheas leis na spriocanna seo a bhaint amach.

Beidh ról ag an tríú leibhéal agus leibhéal na naíonra sa chur chuige seo freisin ar ndóigh.

Toisc nach bhfuil sainmhíniú agus caighdeánú againn go fóill i gcás naíonra, ní féidir tabhairt faoi na spriocanna céanna a leagan amach gan buneolas mar sin, ach ba chóir dúinn spriocanna a shocrú chomh luath agus is féidir. Ba chóir go mbeadh naíonra ag gach pobal.

Beidh dúshlán romhainn an córas a iompú i dtreo spriocanna mar seo, nó fiú an 14% faoi 2030 a bhí fógartha cheana féin ag an rialtas, ach is gá tabhairt faoin dúshlán sin.

Ar an gcéad dul síos caithfidh an rialtas taighde a dhéanamh chun a dheimhniú cá háit atá an éileamh is práinní.

Gach bliain ina bhfuil ganntanas soláthar ag cur bac roimh páiste oideachas lánGhaeilge a fháil, tá sárú á dhéanamh ar a gcearta.

Tá gá le naíonraí, Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí nua, agus leathnú ar na cinn atá ann.

Áit nach bhfuil soláthar ag freastal ar an éileamh faoi láthair, ba chóir scoil lánGhaeilge a chur ar fáil, trí

- scoil nua a thógáil,
- tús áite a thabhairt don Ghaeloideachas i roghnú patrúin do scoil nua, nó
- sa phróiseas dífheistiúcháin ar scoileanna reiligiúnda go patrúin nua.

Ba chóir don Roinn dul i mbun plé le patrúin ilchreidmheach agus le patrúin ar nos Gaelscoileanna agus an Fóras Patrúnachta chun aidhmeanna faoi leith a shocrú chun Gaelscoileanna agus Gaelcholáistí ilchreidmheach a chur ar bhun, agus go bhfeadfaí soláthar ar an gceart atá ag leanaí don oideachas le héiteas faoi leith rogha a bheith acu ag an am céanna ó thaobh teanga de.

Áit ina bhfuil cumaisciú ag tarlú idir scoileanna aon-isncne i gceantar ina bhfuil éileamh don Ghaeloideachas, ba chóir macnamh a dhéanamh ar scoil amháin lánGhaeilge nó scoil Bhéarla

agus scoil Gaeilge a chruthú mar thoradh seachas scoil mór amháin Bhéarla.

Beidh sé seo ag brath ar dóthan múinteoirí nua a oiliúint agus deiseanna a thabhairt do mhúinteoirí atá cáilithe cheana féin a gcuid Gaeilge a fheabhsú go mór ionas go mbeidh dóthan ball fóirne le hardchumas sa teanga ag na naíonraí agus scoileanna seo chun freastal ar an éileamh.

Teastaíonn straitéis chun foghlaim na Gaeilge agus trí Ghaeilge a chur chun cinn ag an tríú leibhéal agus san oideachas ghairmiúil.

Caithfear a léiriú do thuismitheoirí freisin go mbeidh deiseanna agus cinnteacht leanúnachais i gceist, ó naíonra go bunscoil, ó bhunscoil go meánscoil, agus ar aghaidh chuig an tríú leibhéal agus chun postanna a fháil ag deireadh an oideachais go léir.

Chinnteodh leasú ar an reachtaíocht rollacháin bunscoile go mbeadh rochtain ag páistí ó naíonraí lánGhaeilge ar bhunscoil lánGhaeilge. Léirigh taighde ag Gaeloideachas go raibh sé mar spreagadh mór do thuismitheoirí naíonra a roghnú dá mbeadh sé i gceist acu go bhfreastlódh an páiste ar Ghaelscoil ina dhiaidh. Leanúnachas a theastaíonn uathu mar spreagadh.

Áit a bhfuil Gaelscoileanna i gceantar gan Gaelcholáiste, ba chóir tús áite a thabhairt do bhunú Gaelcholáiste.

Sampla ná i ndeisceart Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil 44 meánscoileanna lánBhéarla agus gan Gaelcholáiste amháin chun leanúnachas a chur ar fáil do dhaltaí bunscoile sa 5 Gaelscoil san áit.

Tá samplaí eile ar fud na tíre, go háirithe i gcontaetha tuaithe, a lán acu gan Gaelcholáiste ar bith. Ba chóir, mar phrionsabal, nach mbeadh brú riamh ar dhalta iompú ón oideachas lánGhaeilge go dtí córas an Bhéarla toisc nach ndéanfar freastal orthu ag dul ó leibhéal amháin go leibhéal eile.

Seachas an t-éileamh a shásamh áfach, ba chóir freisin a bheith ag féachaint ar conas é a fhás. Ní mór go mbeadh na scoileanna féin mealltach, le hinfreastruchtúr ceart timpeall ar na scoileanna chun daltaí a mhealladh, ar nós acmhainní spóirt agus ceoil.

Caithfear tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi bhuntáistí an tumoideachais agus an dátheangachas a thagann ón nGaeloideachas, ó thaobh cumas an pháiste agus deiseanna fadsaoil a eascraíonn uaidh.

Teastaíonn eolas ó thuismitheoirí freisin faoin tábhacht a bhaineann le teagmháil rialta leanúnach a bheith ag páiste leis an nGaeilge idir 2 bhliain d'aois agus 6 bliana d'aois i sealbhú chóras fóinéimí na Gaeilge, agus ról lárnach an naíonra a aithint mar a mhol Seán Ó Riain chomh fada siar le 1994 ina chuid taighde ar Phleanáil Teanga in Éirinn 1919-1985.

Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge lárnach in aon pholasaí maidir le cúram leanaí sa stát. Tá gá ar leith go ndéanfar feachtas bolscaireachta in éindí le hinfheistíocht agus bonn láidir a chur faoi naíonraí chun go mbeidh siad inmharthana agus mar bhunchloch an luaththumoideachais, gnáthchuid d'eispéireas an pháiste in Éirinn agus ullmhúcháin tábhachtach don scoil.

Braitheann an cur chuige spreagúil seo go léir áfach ar sholáthar cuí ag gach leibhéal mar bhunchloch.

# Freagraí Shinn Féin ar Cheisteanna an Chomhairliúchán

## Aistriú chuig an meánscoil (Ceist 3)

> ***"Cad d'fhéadfaí a dhéanamh chun daltaí ó bhunscoileanna lán-Ghaeilge a spreagadh chun leanúint lena gcuid oideachais i meánscoileanna lán-Ghaeilge?"***

Arís, glacann an ceist leis gur easpa spreagadh seachas easpa soláthar ba chúis leis an easpa leanúnachas ón nGaelscoil chuig an meánscoil lánGhaeilge.

Ba chóir go n-athnófar mar cheart é leanúint sa Ghaeloideachas ón mbunscoil go dtí an meánleibhéal. Ciallaíonn sé sin gur chóir go mbeadh Gaelcholáiste ann chun freastal ar Ghaelscoileanna áitiúil ionas go mbeidh cinnteacht ann do na daltaí iontu go mbeidh siad in ann leanúint trí Ghaeilge.

Féach mar shampla ar dheisceart Bhaile Átha Cliath (BÁC 2, 4, 6, agus 8 go háirithe), áit ina bhfuil 5 Gaelscoileanna ach Gaelcholáiste ar bith in ainneoin go bhfuil 44 meánscoileanna Béarla ann.

Féach freisin ar an líon mór contae le Gaelscoil iontu ach gan Gaelcholáiste ar an léarscáil sa Léargas: Sligeach, Liatroim, Ros Comáin, An Cabhán, An Longfort, An Iarmhí, Uíbh Fháilí, Laois, Tiobraid Árann, An Clár, An Lú. Seachas meánscoileanna Gaeltachta, bheadh Maigh Eo agus An Mhí san áireamh sa liosta sin freisin.

Tá leithcheal á dhéanamh orthu siúd atá ag lorg Gaelcholáiste sa phróiseas roghnúchán do phatrúin ar na meánscoileanna nua áit ina bhfuil siad beartaithe, toisc go mbíonn tromlach ag lucht an Bhéarla sa cheantar fiú má tá soláthar déanta ar a riachtanais teanga cheana féin sa cheantar i ngach scoil eile agus gan aon rogha eile Gaeilge sa cheantar.

Dar le Sinn Féin, ba chóir go mbeadh ar a laghad Gaelcholáiste lasmuigh den Ghaeltacht i ngach contae faoin mbliain 2040.

Caithfear an córas bunaithe scoile a athrú chun tús áite a thabhairt do mheánscoileanna lánGhaeilge in aon áit ina bhfuil éileamh ann, go háirithe in aon áit nach bhfuil meánscoil lánGhaeilge cheana féin.

Ba chóir go mbeidh sé mar sprioc go mbeidh rogha ag gach teaghlach oideachas lán-Ghaeilge a roghnú ina gceantar áitiúil féin nó laistigh d'achar réasúnta taistil, agus go mbainfear amach an sprioc seo laistigh d'amchlár réasúnta.

Teastaíonn córas ceart taistil faoin tuath le go mbeidh teacht ag teaghlaigh ar an oideachas lánGhaeilge. Tá cás reatha i gContae an Chláir ina bhfuil daltaí deireanach chuile maidin agus ag cáilliúint ranganna toisc nach bhfuil aon seirbhís taistil ar fáil chuig an aonad amháin atá sa chontae a shroicfeadh an scoil in am, agus tá costas ard fiú ar an tseirbhís atá ródhéanach. Níl sé sin sásúil.

Constaic eile atá ann in aghaidh forbairt soláthair lánGhaeilge ná 'aonaid Gaeilge' a bheith á n-oscailt i meánscoileanna meán-Bhéarla seachas Gaelcholáiste neamhspleách nua nó scoil satailíte ar Ghaelscoil atá ann cheana féin a bhunú.

Is maith an rud é go bhfuil an rialtas ag tabhairt faoi polasaí ar leith a shonrú maidir le cad is



aonad ann, ach ag deireadh an lae, ní tumoideachas ceart atá sna haonaid seo. Tá baol ann i gcónaí go n-iompódh daltaí ar an mBéarla sa scoil lasmuigh den seomra ranga, ach is cinnte go n-iompóidh siad go Béarla más i dtimpeallacht scoile Béarla ina bhfuil siad.

Ba chóir go n-athnófar é sin sa pholasaí nua, agus go mbeidh béim ar scoileanna lánGhaeilge a bhunú agus tacú leo, agus tástáil agus athbhreithniú a dhéanamh ar choincheap na scoile satailíte.

Teastaíonn forbairt feasachta freisin i measc tuismitheoirí ar bhuntáistí an leanúnachais sa chóras tumoideachais.

Caithfear a léiriú arís na buntáistí a bhaineann leis na scileanna teanga agus eile a bhaineann leis an nGaeloideachas ag an meánleibhéal ó thaobh deiseanna tríú leibhéal agus fostaíochta. Caithfear a chinntiú go bhfuil na deiseanna sin ann, faoin gcóras 20% earcaíochta nó i gcur chun cúrsaí tarraingteacha trí Ghaeilge san ollscoil agus sa bhreisoideachas.

Tá gá le cur chuige idirRanna a chinntíonn nach mbeidh aon míbhuntáiste ó thaobh pointí do chúrsaí ollscoile ag gabháil le freastal ar Ghaelcholáiste, mar a bhí bagartha sa phlé faoin gcúrsa níos deacra T1 a bhrú orthu mar riachtanas don Ardteist.

Seoltar teachtaireacht diúltach do thuismitheoirí faoi aistriú go Gaelcholáiste nuair a fhógraítear cinnithe mar sin gan macnamh ceart. Seoltar teachtaireacht diúltach freisin nuair atá córas díolúnaithe á thairscint i scoileanna lánBhéarla ón nGaeilge mar ábhar, ag rá gur féidir an scolaíocht go léir a dhéanamh agus an Ghaeilge a sheachaint ar an iomlán, ar nós gur ualach gan buntáiste atá ann seachas seod agus scil a bheadh níos fearr foghlamtha i dtimpeallacht lánGhaeilge.

Is mór an trua nach bhfuil an ceist dírithe freisin ar dhaltaí ó bhunscoileanna lánBhéarla a spreagadh chun aistriú chuig Gaelcholáistí. Ba chóir don pholasaí tabhairt faoi seo freisin trí feachtas a chur ar bhun ag léiriú go bhfuil sé indéanta agus fiú tarraingteach aistriú, agus tacaíochtaí a chinntiú do na daltaí agus na tuismitheoirí a ghlacann an rogha.

Arís áfach, braitheann sé seo go léir ar soláthar a bheith ann ar an gcéad dul síos.

# Freagraí Shinn Féin ar Cheisteanna an Chomhairliúchán

## Soláthar an oideachais lán-Ghaeilge a threisiú agus a thacú (Ceist 4)

> ***"Cad iad na príomhdhúshláin a bhaineann le hoideachas lán-Ghaeilge d'ardchaighdeáin a sholáthar? Conas is féidir aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo chun an soláthar san earnáil a threisiú agus a thacú?"***

Teastaíonn pleanáil straitéiseach chun tacú le fás an éarnála agus chun a chinntiú go mbeidh foireann ann leis na cáilíochtaí agus an oiliúint cuí ar fáil, chomh maith le háiseanna teagaisc agus foghlama i ngach ábhar ag gach leibhéal.

Creideann Sinn Féin go mbeadh sé loighiciúil níos mó comhoibriú a chur ar bhun thuaidh agus theas ó thaobh pleanáil fadtéarmach ag gach leibhéal agus ó thaobh acmhainní agus eolas a roinnt.

***Soláthar Múinteora***

I measc na príomhdhúshláin bunúsacha, tá gá le córas cuí soláthar múinteoirí a bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu agus atá inniúil ar an tumoideachas.

Táimid i lár géarchéim costais maireachtála atá ag cur isteach go mór ar sholáthar múinteora fud fad an chórais oideachais. Teastaíonn rialtas atá dáiríre faoi dul i ngleic leis an chostas maireachtála más mian linn go mbeidh múinteoirí meallta don éarnáil agus in ann cíos agus billí a íoc agus iad ag dul ag obair inár scoileanna.

Tá polasaithe leagtha amach ag Sinn Féin chun dul i ngleic leis na costais seo, go háirithe ó thaobh na tithíochta de, agus faoiseamh a chinntiú d'oibrithe agus teaghlaigh, múinteoirí ina measc. Molaimid don rialtas macnamh a dhéanamh ar na polasaithe seo i gcomhthéacs an ghéarchéim oideachais a eascraíonn ón ngéarchéim sin.

Cé nach réiteofar géarchéim an chostais maireachtála sa pholasaí don oideachas lánGhaeilge



ann féin, caithfear aird a thabhairt air, agus a chinntiú go bhfuil pá agus coinníollacha cóir ag múinteoirí agus aitheantas don obair bhreise a bhaineann leis an gcóras tumoideachas.

Ba chóir painéil ar leith a bhunú do mhúinteoirí agus do mhúinteoirí ionaid don chóras lánGhaeilge.

Tá gá le huaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge do gach páiste de réir na leibhéal cumais éagsúla– tá meán líon daltaí níos airde sna scoileanna lánGhaeilge agus gan tacaíocht bhreise don tumoideachas. Ba chóir go mbeadh Múinteoirí Gaeilge mar Theanga Bhreise ar fáil sa chaoi ina bhfuil a mhacasamhail ann don Bhéarla.

Seo an cineál tacaíocht atá ag teastáil, go háirithe agus imní orainn faoi leathnú chóras na ndíolúint atá dearbhaithe do dhaltaí, ag baint an deis páirt a ghlacadh sa teanga náisiúnta uathu seachas a riachtanais oideachasúil a aithint.

### *Forbairt Ghairmiúil Leanúnach & Caighdeán na Múinteoirí*

Chun ardchaigheán múinteorachta a chinntiú, teastaíonn méadú ar dheiseanna Forbartha Ghairmiúla Leanúnach (FGL) trí Ghaeilge atá ar chomhchaighdeán agus chomh oiriúnach don chómhthéacs leis an FGL do sholáthraí Béarla. Tá na deiseanna seo ag teastáil ó soláthraí oideachais luathbhliana trí Ghaeilge.

Tá deiseanna traenála Gaeilge ag teastáil freisin dírithe ar mhúinteoirí cáilithe ó éarnáil an oideachais Béarla, cúntóirí ranga agus oidí réamhscoile ar mhiste leo iompú ar an soláthar Gaeilge, chomh maith le cúrsaí athnuachana agus dianchúrsaí do mhúinteoirí i scoileanna lánGhaeilge chun scileanna teanga a threisiú.

Dúshlán eile ná nach bhfuil sainiú foirimúil ann do cad is 'naíonra' ann. Ba chóir scéim aitheantais do naíonraí lánGhaeilge a thógann forbairt ghairmiúil san áireamh, agus treoirlínte chun cabhrú leo feidhmiú trí Ghaeilge amháin, tabhairt faoin luaththumoideachas, agus cur chuige caighdeánach a leanúint agus iad ag tosú ar theagasc an Bhéarla.

Molann Sinn Féin don rialtas macnamh a dhéanamh sa pholasaí seo ar conas luaththumoideachas ar ardchaighdeán a spreagadh, agus ba chóir go mbeadh caipitíocht, deontais, liúntais agus tacaíochtaí dearfacha eile san áireamh sa macnamh sin, chomh maith le cén cáilíochtaí nó soláthar a theastaíonn chun ardchaighdeán a léiriú.

Ba chóir smaoineamh an bhfuil gá le cláir nó modúil Gaeilge nó faoin tumoideachas a shocrú mar chuid riachtanach don oiliúint chun obair i naíonraí nó naíscoileanna.

Ar mhaitheas le caighdeánú agus feidhmiú an tumoideachais, ba chóir sprioc a chur sa pholasaí seo go mbeadh cáilíocht ag leibhéal B2 ar a laghad de réir an Chomhchreat Tagartha Eorpach um Theangacha ag gach múinteoir sa chóras lánGhaeilge ag gach leibhéal faoi dáta ar leith atá indéanta de réir taighde agus áiseanna.

Caithfear obair i dtreo dóthan maoiniú a chur ar fáil do choláistí oiliúna thuaidh agus theas chun tabhairt faoin nganntanas múinteora cáilithe don éarnáil a líonadh, agus caighdeánú a dhéanamh ar scrúduithe Gaeilge iontu freisin chun ardchaighdeán torthaí a chinntiú.

Tá gá le deiseanna oiliúna d'ábhair múinteora a fhorbairt sa Ghaeltacht.

Níl soláthar oiliúint tosaigh mhúinteoirí leordhóthanach ann.

Teastaíonn polasaí ar leith don tríú leibhéal ó thaobh coláistí oiliúna ach freisin maidir le hábhair éagsúla a bheith ar fáil trí Ghaeilge, agus tumoideachas a chruthú san éarnáil sin. Tá caighdeán Gaeilge na múinteoirí ag brath air. Cur chuige dáiríre atá ag teastáil ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Eolaíochta, Taighde agus Nuálaíochta atá comhnascaithe le cur chuige na Roinne Oideachais.

Tá an easpa deiseanna leanúint san oideachas lánGhaeilge ó leibhéal go leibhéal ina bhac ar oideachas lánGhaeilge d'ardchaighdeán, rud a bhaineann le ganntanas scoileanna agus soláthar.

Ní mór tumoideachas i scoil Gaeilge lasmuigh de thimpeallacht an Bhéarla a aithint mar bhuncheart.

Caithfear tacú leis na scoileanna sin an Ghaeilge a bhuanú mar theanga na cumarsáide agus an tsóisialaithe, agus chun cur chuige difreáilte teagaisc a chur i bhfeidhm chun freagairt do riachtanais éagsúla na ndaltaí. Mar sin tá táscairí dea-chleachtais don suíomh tumoideachas ag teastáil, agus plean tacaíochta chuige.

### ***Áiseanna agus Comhfhreagras trí Ghaeilge***

Dúshlán atá ann roimh soláthraí Ghaeloideachais ná go mbíonn iachall orthu iompú ar an mBéarla go minic chun deiléail leis an stáit.

Ba chóir go ndéanfadh an rialtas, lena n-áirítear Rannaí rialtais, Tusla agus Pobal, aon teagmháil le haon eagrais, naíonraí nó scoileanna Gaeloideachais trí mheán na Gaeilge amháin, agus go mbeidh leagan Gaeilge ar aon chomhfhreagras nó fhoirmeacha fisiciúla nó ar líne a bhaineann leo.

Ba chóir obair sa treo amach anseo ina mbeidh aon áis foilsithe ag eagras stáit a bhaineann leis an oideachas nó cúram leanaí, nó aon traenáil éigeantach ar chosaint leanaí, garchabhar, agus cigireacht, curtha ar fáil go comhuaineach sa dá teanga oifigiúla.

Molann Sinn Féin go mbeadh sé mar sprioc an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) ar bhonn buan, agus go gcothófar caidreamh foirmeálta agus níos comhtháití idir COGG, Comhairle na Gaelscolaíochta, agus na Comhairlí Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA) thuaidh agus theas ar mhaitheas le háiseanna teagaisc a chruthú agus a roinnt.

Teastaíonn rannóg ar leith sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun tabhairt faoi ceisteanna trí Ghaeilge agus éarnáil an luathoideachais Gaeilge.

Teastaíonn síceolaithe oideachasúil agus teiripeoirí urlabhra ó laistigh den éarnáil, agus molann Sinn Féin cúrsa ar leith a chur ar fáil do mhúinteoirí le taithí suntasach acu dírithe ar an nGaeloideachas mar dheis forbartha ghairmiúla leanúnach.

Teastaíonn oifigigh forbartha ann maoinithe chun díriú ar leathnú agus feabhsú naíonraí agus naíoscoileanna amháin.

# Freagraí Shinn Féin ar Cheisteanna an Chomhairliúchán

## Riachtanais speisialta oideachais i suíomhanna agus i scoileanna lán-Ghaeilge (Ceist 5)

***"Is féidir leis an oideachas lán-Ghaeilge freastal go héifeachtach ar leanaí agus ar dhaoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu."***

Aontaíonn Sinn Féin go láidir leis an ráiteas seo, ach tá bunús frithGhaeilge leis an gceist. Ní chuirfear ceist mar seo i gcás oideachas trí Bhéarla. Ní chóir caitheamh le hoideachas i dteanga amháin ar nós nach féidir leis freastal ar chách i gcomparáid le hoideachas i dteanga eile.

***Conas mar a cheapann tú is féidir an soláthar tacaíochta do leanaí agus do dhaoine óga le riachtanais speisialta oideachais i suíomhanna lán-Ghaeilge a fheabhsú?***

Tá sé seo i measc na ceisteanna is tábhachtaí ó thaobh rochtain a chinntiú do chách ar an teanga náisiúnta. Is le gach duine an Ghaeilge.

Ní mór a léiriú do thuismitheoirí gur féidir agus gur fiú do pháistí le riachtanais speisialta oideachais a bheith sa chóras lánGhaeilge, trí na tacaíochtaí agus áiseanna cuí a chur ar fáil agus tuismitheoirí agus daltaí a chur ar an eolas maidir leis an tionchar a bheidh ag oideachas dátheangach ar fhorbairt oideachais a bpáistí, de réir eolas taighde-bhunaithe agus cothrom le dáta.

Faoi alt a 9 den Acht Oideachais 1998, tá dualgas ar gach scoil oideachas a chur "ar fáil do mhic léinn ar oideachas é is cuí dá gcumais agus dá riachtanais". Tagann scoileanna lánGhaeilge faoi scáth an dualgais seo.

Ní féidir é sin a dhéanamh gan na hacmhainní cuí agus aitheantas ón Roinn don tacaíocht bhreise a theastaíonn i gcás an tumoideachais.

Tá gá le huaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge do gach páiste de réir na leibhéal cumais éagsúla– tá meán líon daltaí níos airde sna scoileanna lánGhaeilge agus gan tacaíocht bhreise don tumoideachas.

Ag leibhéal an luathoideachais, teastaíonn breis acmhainní don Scéim AIM (An tSamhail um Rochtain agus Cuimsiú) chun foireann le cáilíochtaí cuí a earcú, agus ní mór a chinntiú freisin go ndéanann AIM freastal ar an éarnáil ar fad, naíonraí lánGhaeilge san áireamh. Mar sin caithfidh AIM tacú le foireann le cumas sa Ghaeilge a earcú freisin. Teastaíonn soláthar agus oiliúint don tacaíocht foghlama ag leibhéal na luathbhliana.

Caithfear obair sa treo ina mbeidh na seirbhísí tacaíochta go léir, ar nós teiripeoirí saothair, teiripeoirí urlabhra agus teanga, fisiteiripeoirí agus síceolaithe, ar fáil trí mheán na Gaeilge ar chomhchéim leis an tacaíocht Béarla atá ar fáil sna scoileanna eile.

Déanann sé dochair do pháistí arb í an Ghaeilge an chéad teanga acu nuair a bhíonn orthu iompú ar dara teanga ar nós an Béarla chun bunseirbhísí a fháil, agus ní dhéanann na bunseirbhísí sin freastal ar a gcuid riachtanais. Beidh uirlisí measúnaithe agus diagnóiseacha urlabhra agus teanga oiriúnach don suíomh tumoideachais agus do pháiste dátheangach riachtanach don chur chuige cuimsitheach seo.



Molaimid go bhforbrófar cúrsa oiliúna i nGaeilge chun múinteoirí agus cúntóirí i naíonraí agus scoileanna a ullmhú le bheith ina speisialtóirí RSO sa chóras tumoideachais.

I gcás acmhainní agus cáipéiseacht a bhaineann le hoideachas i gcás riachtanais speisialta, más ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) nó ón Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) nó ón Roinn iad, ní mór go ndéanfar iad a oiriúnú do chomhthéacs an Ghaeloideachais seachas aistriúcháin ar leaganacha neamhoiriúnacha a chur ar fáil ó Bhéarla.

Chabhródh tuilleadh áiseanna digiteacha mealltacha, ar féidir a úsáid sa bhaile freisin, leis an próiseas foghlama a éascú do pháistí le deacrachtaí.

Tá gá le treoirlínte ar an oideachas riachtanais speisialta i gcomhthéacs an Ghaeloideachais a chur le chéile bunaithe ar chomhairle ón gCigireacht, ó eagraíochtaí san éarnáil, agus ó seirbhísí leighis, agus go mbeidh an treoir seo san áireamh i bhforbairt cláir, ranganna, idirghabhálacha agus acmhainní.

Ina theannta sin, chun a chinntiú go mbeidh an deis ag gach duine an Ghaeilge a staideár, is cuma cén caighdeáin atá acu fiú má fhreastlaíonn siad ar scoil lánGhaeilge, tá sé fíor tábhachtach go gcoimeadfar an scrúdú bonnleibhéil ag an Ardteist.

# Freagraí Shinn Féin ar Cheisteanna an Chomhairliúchán

## Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú san oideachas lán-Ghaeilge (Ceist 6)

*Cad a cheapann tú a d'fhéadfaí a dhéanamh chun comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn san oideachas lán-Ghaeilge?*

An bac is mó do dhaoine páirt a ghlacadh san oideachas lánGhaeilge ná an t-easpa soláthar fud fad na tíre. An phríomhthosaíocht chun comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chinntiú ná comhionannas rochtaine a chur chun cinn agus soláthar aitiúil a chinntiú do chách.

Tá an Ghaeilge mar chuid lárnach den saol in Éirinn, agus táimid den tuairim gur chóir go mbeadh gach duine, cibé cúlra atá acu, in ann páirt a ghlacadh inti.

Faraor, tá dróchnós le feiceáil leis na blianta sa chóras oideachais ina bhfuil leithcheal déanta ar pháistí le hoidhreacht eachtrannach nó ón Lucht Siúil. I scoileanna Béarla fágtar lasmuigh den rang Gaeilge iad, agus deirtear nárbh fhiú dóibh an Ghaeilge a fhoghlaim, nó níos measa fós, nach bhfuil sé de chumas acu an Ghaeilge a fhoghlaim agus páirt a ghlacadh inti toisc an cúlra atá acu.

Diúltú atá anseo ar an dualgas de réir alt a 9 den Acht Oideachais 1998 oideachas a chur "ar fáil do mhic léinn ar oideachas é is cuí dá gcumais agus dá riachtanais". Is le páistí imirceacha an Ghaeilge. Is le páistí an Lucht Siúil an Ghaeilge. Is le cách an Ghaeilge.

Sárú ar a gcearta atá ann idirdhealú a dhéanamh idir daoine gur leo an Ghaeilge iad agus daoine nach mbaineann sí leo.

Ní mór tuismitheoirí ó chúlraí éagsúla a chur ar an eolas ina dteangacha éagsúla féin faoi na buntáistí a bhaineann le tumoideachas agus leis an dátheangachas dá gcuid páistí, ó thaobh deiseanna fostaíochta agus cumas an duine de, agus a chinntiú go ndéanann áiseanna atá ar fáil trí Ghaeilge eispearas éagsúil an duine agus oidhreachtaí cultúir éagsúla a léiriú.

Ba chóir feachtas a chur ar bhun dírithe ar phobail Éireannaigh nua, agus imircigh chun a léiriú dóibh go bhfuil an Gaeloideachas ann dóibh freisin, nách gá go mbeadh Gaeilge ag tuismitheoirí agus go bhfuil sé do chumas ag aon duine, ó aon chúlra an Ghaeilge a fhoghlaim le módh an tumoideachais.

Tá Sinn Féin tiomanta i dtreo ranganna saor in aisce a chur ar fáil do dhaoine fásta, agus ba chóir ranganna mar sin a dhíriú go háirithe ar thuismitheoirí gan Ghaeilge nó gan ach beagán acu, ach go háirithe daoine ó thíortha iasachta nó pobail mhionlaigh ar mian leo cabhrú lena gcuid páistí tabhairt faoin nGaeloideachas, rud a thabharfadh muinín dóibh glacadh páirt.

Tá gá le huaireanta tacaíochta teanga don Ghaeilge do gach páiste de réir na leibhéal cumais éagsúla– tá meán líon daltaí níos airde sna scoileanna lánGhaeilge agus gan tacaíocht bhreise don tumoideachas.

Ba chóir go mbeadh Múinteoirí Gaeilge mar Theanga Bhreise ar fáil sa chaoi ina bhfuil a mhacasamhail ann don Bhéarla.



Seo an cineál tacaíocht atá ag teastáil, go háirithe agus imní orainn faoi leathnú chóras na ndíolúint atá dearbhaithe do dhaltaí, ag baint an deis páirt a ghlacadh sa teanga náisiúnta uathu seachas a riachtanais oideachasúil a aithint.

Caithfear a chinntiú freisin go bhfuil coinníollacha teanga na scoile agus leibhéal míbhuntáiste an cheantair san áireamh agus na tacaíochtaí cuí á n-ullmhú do scoileanna DEIS.

Ba chóir don pholasaí tabhairt faoi daoine ó chúlraí éagsúla a spreagadh bheith ina múinteoirí san éarnáil lánGhaeilge freisin, rud a chabhróidh le daltaí ó chúlraí éagsúla a thuiscint gur leo an Ghaeilge.

# Freagraí Shinn Féin ar Cheisteanna an Chomhairliúchán

## Gaeilge i suíomhanna oideachais agus sa mhórphobal (Ceist 7)

> ***"Tá ról ag an gcóras oideachais maidir le húsáid na Gaeilge a mhéadú sa phobal."***

Aontaíonn Sinn Féin go láidir leis an ráiteas seo.

> ***"Mothaím go bhfuil ról agamsa maidir le húsáid na Gaeilge a mhéadú sa phobal áitiúil."***

Aontaíonn Sinn Féin mar eagras go láidir leis an ráiteas seo.

> ***Conas a d'fhéadfaí naisc níos fearr a chruthú idir an t-oideachas lán-Ghaeilge agus an pobal i gcoitinne chun úsáid na Gaeilge a chothú laistigh den phobal?***

Tacóidh scoileanna lánGhaeilge le húsáid na Gaeilge sa phobal trí oideachas Gaeilge a thabhairt do na páistí ann.

Seachas dualgas sa bhreis a leagadh ar scoileanna lánGhaeilge maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn sa phobal mórthimpeall, ba chóir don stát díriú isteach ar thrí polasaithe ar leith chun tacú le húsáid na Gaeilge a mhéadú i measc na ndaltaí agus sa phobal ar aon:

**1.** Polasaí soléir taighdebhunaithe a chur i bhfeidhm agus na tacaíochtaí cuí a chur ar fáil do scoileanna chun an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga na cumarsáide, an spraoi agus an tsóisialaithe,

**2.** Polasaí ar leith chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa phobal. Ba chóir go mbeadh an Ghaeilge feiceálach, normálaithe agus lárnaithe sa phobal, agus tá a lán deiseanna ann chun é sin a fheabhsú – pacáistiú dhátheangach ar tháirgí sna siopaí, an Ghaeilge ar chomharthaí fuinneoga agus i siopaí, roghanna Gaeilge ar mheaisín agus suíomhanna idirlíne, tús áite a thabhairt do logainmneacha Gaeilge in úsáid agus ar chomharthaí, seirbhísí Gaeilge a bheith ar fáil ar chomhchéim le seirbhísí Béarla, srl. Tá seirbhísí trí Ghaeilge ag teastáil ó na scoileanna chun suíomh an tumoideachais a chothú agus a chosaint. Tá dualgais ann anois faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla le comhlíonadh maidir le soláthar seirbhísí, rud a thacóidh leis an éarnáil, agus ba chóir freisin féachaint conas is féidir le gnímh eile sa phobal, ar nós an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge ag Foras na Gaeilge, tacú le naíonraí agus scoileanna lánGhaeilge i gceantair fud fad na tíre.

**3.** Polasaí Gaeilge don Óige. Ní teanga scoile amháin í an Ghaeilge, ach meán cumarsáide ar nós teangacha eile. Ní mór tacú le deiseanna eile do dhaoine óga Gaeilge a labhairt lasmuigh den scoil – i gclubanna óige lánGhaeilge, le clubanna spóirt, ealaíon, ceoil agus eile a thugann deis don aos óg páirt a ghlacadh i réimse leathan gníomhaíochtaí trí Ghaeilge, agus trí deiseanna siamsaíochta – cláracha agus cluichí closamhairc, scannáin, ceol, leabhair, podchraoltaí, srl. – a chothú, a spreagadh agus a bhoilsciú trí Ghaeilge. Saol don duine óg trí Ghaeilge atá uainn.

Tá meascán de na nithe seo go léir ag teastáil chun a chinntiú nach daoine le Gaeilge acu ón scoil amháin atá curtha amach ag deireadh an chórais oideachais, ach Gaeilgeoirí gníomhacha a bhaineann úsáid di agus atá muiníneach go leor í a úsáid i ngach ghné den saol.



Baineann a lán páistí, breis is 26,000, deis as seal a chaitheamh sa Ghaeltacht, áit a thugann siad faoi deiseanna siamsaíochta trí Ghaeilge agus timpeallacht lánGhaeilge sa phobal chun a gcuid Gaeilge a fheabhsú agus muinín a chothú inti. Ba chóir don rialtas macnamh a dhéanamh ar conas deis a thabhairt do gach dalta amach anseo, san oideachas lánGhaeilge ach go háirithe, seal a chaitheamh sa Ghaeltacht agus dul i dtaithí ar shaol agus cultúr na Gaeltachta.

É sin ráite, ba chóir don pholasaí seo díriú isteach ar chás na scoileanna lánGhaeilge féin, go háirithe conas an Ghaeilge a bhuanú mar phríomhtheanga na ndaltaí lasmuigh den rang féin – sa chlós, sa spraoi agus sa chairdeas.










TEANGA GAN
TACAÍOCHT
TEANGA GAN
TODHCHAÍ

# Gaeloideachas: An tÉileamh a Shásamh agus a Fhás

**Aighneacht Scríofa Shinn Féin ar an bpróiseas comhairliúcháin chun polasaí a fhorbairt don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht**




**Aengus Ó Snodaigh TD**

(Baile Átha Cliath Lár Theas)

Urlabhraí Gaeilge, Gaeltachta, Ealaíon agus Cultúir Shinn Féin



**Donnchadh Ó Laoghaire TD**

(Corcaigh Lár Theas)

Urlabhraí Cosanta Shóisialta Shinn Féin

Urlabhraí Oideachais Shinn Féin 2019-2023, nuair ar seoladh an aighneacht seo



**Sorca Clarke TD**

(An Longfort & An Iarmhí)

Urlabhraí Oideachais Shinn Féin


Sinn Féin